
# An teicneolaíocht

**Obair bheirte – stór focal**
Bí ag obair leis an duine in aice leat. Caithfidh duine A cur síos a dhéanamh ar na focail i mbosca A don duine eile (duine B), **GAN** na focail iad féin a rá. Ansin, caithfidh duine B cur síos a dhéanamh ar na focail i mbosca B do dhuine A. Ná taispeáin na focail dá chéile. Mar shampla:



Duine A: Baineann tú úsáid as é seo chun rudaí a aimsiú ar an idirlíon.

Duine B: An luch?

Duine A: Ní hea. Más mian leat seoladh bialainne a aimsiú, mar shampla?

Duine B: Google!

Duine A: Bhuel, is ea agus Yahoo mar shampla. Ach, cad é Google?

Duine B: Ah, tá a fhios agam – inneall cuardaigh.

Duine A: Sin é, maith thú.

| **A** | **B** |
|---|---|
| clár ríomhaireachta, litreoir, dúch, seirbhís leathanbhanda, inneall cuardaigh, teachtaireacht téacs, comhad, blagálaí, teachtaireacht ríomhphoist, suíomh gréasáin, íoslódáil | ríomhaire glúine, scáileán, printéir, caifé idirlín, víreas, físchomhrá, luch, gréasán domhanda, ceangaltán, turscar |

Cuirigí an t-alt leis na focail thuas anois!

**Obair ghrúpa – plé**
Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

1. Cad iad na hathruithe is mó a tháinig ar an teicneolaíocht le linn do shaoil go dtí seo?

2. Cad é an t-aireagán is tábhachtaí le céad bliain anuas, i do thuairim?

3. Cad é an chéad dul chun cinn mór teicneolaíochta eile atá le teacht, dar leat?

4. Cad í an ghiuirléid is fearr atá agat?

5. An bhfuil aon ghiuirléid ag teastáil go géar uait, NACH bhfuil ceaptha go fóill – bád aeir pearsanta, mar shampla?

6. An bhfuil aon chuid den teicneolaíocht a rinne dochar don domhan nó don duine daonna? Mínigh.

7. An bhfuil daoine ag éirí níos mífhoighní anois de bharr na teicneolaíochta? An mbíonn an tsochaí de shíor ag lorg sásamh ar an toirt, dar leat?

# An teicneolaíocht - Léamh

*Seo thíos alt ó www.tuairisc.ie faoi cheangal idirlín le Alex Hijmans (3/5/15).*

Gan cheangal? Le ceangal! In aghaidh a thola, chaith ár gcolúnaí lá gan ceangal idirlín. Ba chúis iontais agus imní dó an tionchar a bhí ag an dícheangal air.

D'imigh an t-idirlíon maidin inné. Chaith mé an mhaidin ag tréipseáil na cathrach ar thóir ródaire nua agus an tráthnóna agus an oíche ag argóint le dhá líne chabhrach; tháinig an t-idirlíon ar ais, d'imigh arís, agus tháinig ar ais as a stuaim féin, go míorúilteach, maidin inniu. San iomlán, níor chaith mé ach 24 uair an chloig gan idirlíon – ach ba mhillteanach an tionchar síceolaíoch agus fisiciúil a bhí ag an eachtra orm. Fad is a bhí mé gan ceangal idirlíon, bhí mé le ceangal.

Duine deas réchúiseach mé an chuid is mó den am, ach fad is nach raibh an t-idirlíon ag obair, chaill mé mo chiall. Bhí mé mímhúinte le lucht na línte cabhrach agus – níos measa fós – le cara a bhí ag cuidiú liom cúrsaí a chur ina gceart. Ag buaicphointe na géarchéime – bhí an t-idirlíon ag obair arís ar feadh cúpla nóiméad ach d'imigh sé in athuair – rug mé ar an seanródaire ba chionsiocair leis na fadhbanna ar fad agus chaith ar an urlár é le fórsa; oiread fórsa gur scairt comharsa a bhfuil cónaí uirthi san árasán faoi m'árasánsa orm, féachaint an raibh mé ceart go leor. Is léir nach raibh. Nílim bródúil as an iompar páistiúil a bhí fúm inné agus táim i mbun dianmhachnaimh faoi ó shin, féachaint céard ba chúis leis. Tháinig mé ar fhreagra. A luaithe is a d'imigh an t-idirlíon, smaoinigh mé ar na rudaí ar fad nach mbeinn in ann a dhéanamh dá n-uireasa. Ní bheinn in ann taighde a dhéanamh. Ní bheinn in ann úsáid a bhaint as foclóirí ar líne. Ní bheinn in ann ailt a sheachadadh chuig na meáin a mbím ag scríobh dóibh: i bhfocail eile ní bheinn in ann airgead a thuilleamh. Ní bheinn in ann úsáid a bhaint as na haipeanna a mbainim úsáid astu go laethúil sa saol oibre agus sa saol pearsanta.

Ní bheadh mo mháthair in ann glaoch orm trí FaceTime mar a dhéanann sí gach seachtain agus ní bheinn in ann teachtaireacht a chur chuici chun an scéal a mhíniú di. Gan dabht, uair an chloig tar éis dom an choinne sheachtainiúil FaceTime a chailleadh toisc nach raibh an t-idirlíon ag obair, chuir sí glaoch ar mo líne thalún (de bharr na srianta atá le mo phacáiste fóin agus idirlín, ní féidir liomsa glaonna a chur ar dhaoine thar lear.) 'Shíl mé go raibh do chos briste agat agus nach bhféadfá teacht chuig an ríomhaire!' a dúirt sí.

Chuimhnigh mé ar an abairt sin inniu, nuair a bhí an eachtra thart agus freagra á chuardach agam a mhíneodh an strus ar fad a bhain leis an lá roimhe, strus a chothaigh géarchéim imní agus tinneas cinn. Sa lá atá inniu ann, is ionann a bheith gan ceangal idirlín agus gan a bheith in ann úsáid a bhaint as ceann de do chuid géaga.

Ach an oiread le duine ar bith atá ar comhaois liom (39), is cuimhin liom an lá nach raibh an t-idirlíon ann ar chor ar bith. Bhíomar ar fad go breá. Ach in imeacht fiche bliain tá géag bhreise fásta againn, géag fhíorúil, atá chomh tábhachtach céanna lenár n-ordóga is féidir a chur i gcoinne na méar. Ní féidir feidhmiú i gceart dá huireasa. Sin an saol atá cruthaithe dúinn féin againn. Ach an bhfuilimid in ann don saol sin?



**Obair bheirte**

1. Déan liosta de na rudaí ar fad nach raibh Alex ábalta a dhéanamh de bharr an t-idirlíon a bheith briste.
2. Déan liosta eile de na mothúcháin ar fad a mhothaigh sé de bharr na faidhbe.
3. Anois, samhlaigh nach raibh an t-idirlíon agat féin ar feadh 24 uair an chloig. Cad iad na rudaí nach mbeifeá in ann a dhéanamh? Scríobh amach liosta agus cuir do liosta i gcomparáid le liosta an duine in aice leat.

# Fadhbanna agus aipeanna

## Obair bheirte – rólimirt

Is dalta meánscoile tú i ngaelscoil agus tá fadhb agat le do ghuthán póca. Téann tú chun cainte le dalta eile a bhfuil an-chur amach acu ar chúrsaí teicneolaíochta.
Seo na fadhbanna:
- ní luchtaíonn sé
- oibríonn an luchtaire fóin
- fón nua, cheannaigh tú é cúig mhí ó shin



Is saoririseoir tú agus bhog tú go dtí iarthar na hÉireann le bheith ag obair i mol teicneolaíochta. Tá fadhb agat leis an cheangal idirlín agus cuireann tú glaoch ar chomhlacht idirlín. Seo na fadhbanna:
- níl aon idirlíon agat le dhá uair an chloig
- tá an ródaire briste
- ní féidir leat do chuid oibre a dhéanamh dá bharr

## Obair ghrúpa – an aip is fearr

Bíodh comhrá agaibh ar na haipeanna ar fad a úsáideann sibh ar bhur ngutháin phóca. Roghnaígí aip amháin a bhfuil cur amach agaibh ar fad uirthi. Déanaigí cur i láthair don rang ar an aip sin anois. Bain úsáid as pictiúir agus as guthán póca amháin chun an cur i láthair a dhéanamh. Bíodh na pointí seo san áireamh agaibh:

- ainm na haipe
- feidhm na haipe
- conas a úsáidtear í
- cathain a úsáidtear í
- buntáistí agus míbhuntáistí na haipe




# An táirge foirfe

**Obair bheirte – reic díolacháin**

Caithfidh an bheirt agaibh teacht suas leis an táirge teicneolaíochta is fearr ar domhan. Caithfidh sibh ansin reic díolacháin a scríobh chun an táirge a dhíol sa rang. Smaoinígí ar na nithe seo a leanas agus sibh ag scríobh an reaca:

- ✓ Ainm an táirge
- ✓ Fadhb – cén fhadhb a réiteoidh an táirge?
- ✓ Cé dó an táirge seo?
- ✓ Gnéithe speisialta – cur síos orthu
- ✓ An chúis ar cheart duit é a cheannach



Féach ar an sampla thíos chun cabhrú libh.

**An Cóiritheoir Pearsanta**

Níl go leor ama agat tú féin a chóiriú i gceart ar maidin? Bhuel, is é an Cóiritheoir Pearsanta do chara is fearr. Fan sa leaba ar maidin agus roghnóidh do Chóiritheoir Pearsanta an feisteas is oiriúnaí don lá. Inseoidh siad duit chomh maith an smideadh is fearr a chaitheamh agus an stíl ghruaige a bheadh go maith leis an fheisteas.

Seo an rogha táirge do dhaoine gnóthacha ar fud an domhain. Tá sé foirfe dóibh siúd nach bhfuil go leor ama nó suime acu iad féin a choiriú ar maidin.

Mura bhfuil dúil agat i bhfaisean ach más mian leat a bheith cóirithe go maith gach lá, seo táirge thar barr duitse!

**Gnéithe speisialta**

- ✓ Do Chóiritheoir Pearsanta féin. Is féidir leat ainm agus pearsantacht a thabhairt dóibh chun iad a phearsanú.
- ✓ Aithint gutha: Luigh sa leaba agus iarr ar do Chóiritheoir teacht chugat. Abair leo an sceideal atá agat don lá agus na himeachtaí ar fad a mbeidh tú ag freastal orthu.
- ✓ Réamhaisnéis na haimsire: Is féidir leo an aimsir a thuar go ceann deich lá. Réamhaisnéis an-chruinn ar fad atá ann.
- ✓ Gné pleanála bealaí agus tráchta. Cuirfidh siad do fheisteas in oiriúint don turas atá le déanamh agat. Má tá siúlóid le déanamh agat, ní roghnóidh do Chóiritheoir bróga le sála arda.

Tá an saol an-ghnóthach na laethanta seo agus is iomaí fadhb atá le réiteach, fiú sula bhfágtar an leaba. Seachain an brú breise a bhaineann le do chuid éadaí a roghnú - lig do do Chóiritheoir Pearsanta an obair sin a dhéanamh. Abair leo cad atá le déanamh agat, cá háit a gcaithfidh tú dul agus cad é mar a mhothaíonn tú. Roghnóidh do Chóiritheoir Pearsanta an feisteas is deise agus is oiriúnaí don lá, fad is a fhanann tú féin sa leaba.

# Cúrsaí idirlín

**Obair ghrúpa – réamhobair éisteachta**

Beidh tú ag éisteacht le clár raidió ar ball ina bhfuil plé ar chúrsaí teicneolaíochta. Bí ag obair leis na daoine i do ghrúpa agus pléigí:



Cé chomh minic is a úsáideann tú an t-idirlíon chun na nithe seo a leanas a dhéanamh?

- rudaí a cheannach
- bualadh le daoine
- cluichí a imirt
- an nuacht a fháil
- obair a dhéanamh
- laethanta saoire a shocrú
- a bheith i dteagmháil le cairde

**Cúrsaí idirlín – éisteacht**

Éist leis an mhír faoi dhó anois agus freagair na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat.

1. Cén cineál cláir raidió atá ann dar leat, ón mhéid atá cloiste agat?

2. Tá Mairéad go mór ar son rud éigin agus go mór in éadan rud eile – cad iad? Cad é an teanga a úsáideann sí chun na tuairimí seo a chur in iúl?

3. Is é an tuairim atá ag Mairéad ná go bhfuil sé 'in aghaidh moráltachta agus in aghaidh an dlí' a bheith ag scimeáil ar an idirlíon le linn na hoibre! Pléigh.

4. Cad iad na hathruithe atá tagtha ar na nithe seo ó craoladh an mhír: fón ceamara, *Facebook*, *Twitter* agus *Sky*?

5. An maith leat an cineál cláir seo? An gceapann tú go bhfuil an Ghaeilge deacair nó éasca a thuiscint sa mhír? Cén fáth?

**Obair bheirte – na meáin shóisialta**

Cuir agallamh ar an duine in aice leat faoin úsáid a bhaineann siad as na meáin shóisialta. Bíodh ceisteanna mar seo agat:

1. An mbaineann tú féin úsáid as na meáin shóisialta? Cén fáth?
2. Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leis na suíomhanna seo, dar leat?

Cuir a d'fhoghlaim tú ón duine sin i láthair an ranga, mar shampla:

"Baineann Siobhán úsáid rialta as na meáin shóisialta. Tá cuntas Facebook, Instagram agus Twitter aici. Ní théann sí ar Facebook an oiread anois agus ba ghnách léi. É sin ráite áfach, is maith léi Facebook le fanacht i dteagmháil le cairde i bhfad i gcéin…'

# Grianghraif

**Obair ghrúpa**

Cuid A – Bí ag obair leat féin ar dtús

Téigh tríd na grianghraif atá agat ar do ghuthán póca agus roghnaigh an ceann is fearr leat, nó an ceann is suimiúla. Taispeáin an grianghraf sin do na daoine eile i do ghrúpa agus déan cur síos air. Smaoinigh ar na ceisteanna seo a leanas agus tú ag ullmhú don ghníomhaíocht:

Cad atá sa ghrianghraf?
Cén áit ar tógadh é?
Cathain a tógadh é?
Cén fáth a bhfuil sé suimiúil, i do thuairim?
Conas a mhothaigh tú nuair a bhí an grianghraf á ghlacadh?
Cad a mhothaíonn tú anois ag féachaint arís air?

Cuid B – Cur i láthair sa ghrúpa


Cuir do ghrianghraf i láthair an ghrúpa. Freagair aon cheisteanna atá ag na daoine eile sa ghrúpa faoi do ghrianghraf.
Éist go cruinn le cur síos na ndaoine eile agus cuir ceisteanna orthu faoina ngrianghraif.

Cuid C – Cur i láthair an ranga

Caithigí vóta ar an ghrianghraf is suimiúla as na grianghraif sa ghrúpa. Beidh ar an duine leis an ghrianghraf sin é a chur i láthair an ranga.

# Cúrsaí idirlín - Rólimirt

Beidh tú ag déanamh rólimeartha ar ball beag. Míneoidh an múinteoir na rialacha daoibh.



An rún: Cuireann an t-idirlíon go mór le saol agus le sástacht an duine.

| | |
|---|---|
| Ról A | Tá do ghnó féin agat - comhlacht árachais is ea é. Bhí ort srianta a chur ar úsáid an idirlín sa láthair oibre. Tá seoladh ríomhphoist agat agus cuntas Facebook. Úsáideann tú an t-idirlíon go minic san obair ach b'fhearr leat casadh le do chuid cairde sa bhaile mór ná a bheith ar líne. |
| Ról B | Is tuismitheoir tú & caitheann do chuid déagóirí gach nóiméad saor ar an idirlíon. Cé go gceapann tú go bhfuil an t-idirlíon oideachasúil tá tú go hiomlán in éadan na suíomhanna sóisialta ar nós Facebook, Instagram agus Twitter srl. |
| Ról C | Tá tú ag obair i mbanc. Léann tú an páipéar nuachta ar líne gach maidin. Déanann tú teagmháil le do chuid cairde ar Instagram, Facebook, agus Twitter srl. Chas tú leis an duine a bhfuil tú ag siúl amach leis ar an idirlíon chomh maith. |
| Ról D | Is múinteoir tú. Ní bhaineann tú úsáid as an idirlíon san obair agus ní chreideann tú aon rud a léann tú air. Is minic an t-eolas mícheart ar shuíomhanna ar nós Vicipéid, dar leat. Is am amú é a bheith ag scimeáil agus síleann tú go bhfuil Facebook srl mímhorálta. |

# Cúrsaí teanga agus teicneolaíochta

**Obair ghrúpa – réamhobair éisteachta**
Cén dóigh a gcuireann an teicneolaíocht le foghlaim teanga?

Bíodh seisiún tobsmaointeoireachta agaibh anois agus scríobhaigí liosta de na bealaí ar fad a chuidíonn an teicneolaíocht le teanga a fhoghlaim. Bígí in ann forbairt a dhéanamh ar gach pointe.

**Éisteacht**
Éist leis an mhír a chuirfidh an múinteoir ar siúl duit agus freagair na ceisteanna:

1. Cé mhéad duine atá cláraithe le cúrsa Gaeilge Duolingo? Cén fáth a bhfuil sé seo suntasach?
2. Cé mhéad duine ó na Stáit Aontaithe atá cláraithe leis an chúrsa Gaeilge?
3. Cén fáth a bhfuil gliondar ar chroí an Uachtaráin?
4. Cé mhéad cúrsa atá ar fáil ar Duolingo?
5. Cén bhaint a bhí ag Oisín leis an chúrsa Gaeilge ar Duolingo?

**Obair ghrúpa – foghraíocht**
Téigí go dtí an suíomh www.teanglann.ie ar bhur nguthán phóca agus clicigí ar 'foghraíocht'. Éistfidh duine A leis an fhoghraíocht ó Chúige Uladh, duine B le Cúige Chonnacht agus duine C le Cúige Mumhan. Déanaigí plé ar na difríochtaí idir na trí chanúint. Bainigí triail as na focail sa chiorcal:

teach deirfiúr chéile faigh
leithéid gluaisteán leabhar
máthair breithlá buidéal téigh
claochlaigh
dearmad righin
sócmhainní

# Coibhneas Díreach agus Indíreach

**Rialacha**

Roinntear abairtí i gclásail éagsúla agus is é an clásal coibhneasta a thugann tuilleadh eolais dúinn faoi dhuine nó rud in abairt.

**A. Coibhneas Díreach:** ***a*** agus ***nach***

(Tá aithne agam ar an duine)+(Rinne an duine é) = Tá aithne agam ar an duine **a rinne é.**

- An coibhneas díreach atá ann mar is é an duine céanna atá i gceist ag tús na habairte agus ag deireadh na habairte. Is é sin ná go bhfuil an t-ainmfhocal ag tús na habairte mar ainmní nó mar chuspóir ag an bhriathar a leanann é:

  Sin an bhean a bhí ag an chóisir inné.

  Sin an buachaill a bhíonn ag súgradh anseo gach lá.

- Bíonn an coibhneas díreach i gceist chomh maith tar éis na bhfocal seo:

  **cathain, cé chomh minic is, conas, mar, nuair, cén fhad, cé mhéad, cé a, cad a, céard a, cad é mar.**

- Na Briathra: ***a /nach*** a bhíonn roimh na briathra ar fad, i ngach aimsir. Bíonn séimhiú tar éis 'a' agus urú tar éis 'nach'.

~~~~~

**B. Coibhneas Indíreach:** ***ar, nár + séimhiú*** agus ***a / nach + urú***

(Sin an fear)+(Cheannaigh a mhac carr nua) = Sin an fear **ar cheannaigh** a mhac carr nua**.**

- An coibhneas indíreach atá ann mar tá 'a mhac' ag tagairt siar don duine nó rud ag tús na habairte:

  Sin an bhean a raibh a hiníon ag an chóisir inné (a hiníon – ag tagairt don bhean) Sin an buachaill a mbíonn daoine ag caint faoi (faoi – ag tagairt don bhuachaill)

- Bíonn an coibhneas indíreach i gceist tar éis na bhfocal seo:
  **Cé + (forainm réamhfhoclach), cad + (forainm réamhfhoclach), céard + (forainm réamhfhoclach), an áit/cén áit, an chaoi/cén chaoi, an dóigh/cén dóigh, an fáth/cén fáth, cad chuige, an tslí/cén tslí**

- Na Briathra: **ar / nár + séimhiú** a bhíonn roimh na briathra rialta san aimsir chaite, **a / nach + urú** a bhíonn roimh na briathra rialta i ngach aimsir eile. Is ionann an fhoirm den bhriathar sa choibhneasta indíreach is an fhoirm cheisteach.
~~~~~

# Coibhneas Díreach agus Indíreach - Cleachtadh

Aistrigh na habairtí seo go Gaeilge:

1. Where did you meet him last?
2. That's the person who went to college in Dublin.
3. That's the person whose son went to college in Dublin.
4. Who went with you?
5. How long will you be in Spain?
6. Why did your mother leave?
7. That's the girl who was attacked by a dog last year.
8. To whom did you give the book?
9. How many children will be with them?
10. How did you do that?